Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Meitheamh 2020
(OR. en)

9104/20

VOTE 39
INF 131
PUBLIC 49
CODEC 548

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | – Toradh na vótála<br>– An seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 5 a ghabhann le buiséad ginearálta 2020: leanúint de thacaíocht a thabhairt do dhídeanaithe agus do phobail óstacha san Iordáin, sa Liobáin agus sa Tuirc mar fhreagairt ar ghéarchéim na Siria<br>– Maolú, ar bhonn an dara fomhír d'Airteagal 3(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal sin<br>= Glacadh<br>= Toradh an nós imeachta i scríbhinn a tugadh chun críche an 24 Meitheamh 2020 |

Tá toradh na vótála maidir leis an ngníomh reachtach thuasluaite in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an nóta seo.

Doiciméad tagartha:

8855/20

dáta an chinnidh a rinne Coreper, Cuid 2, an Nós Imeachta i Scríbhinn a úsáid,

24.06.2020

Na ráitis agus/nó na míniúcháin a tugadh maidir leis an vótáil, tá siad in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an nóta seo.

General Secretariat of the Council

| | |
|---|---|
| Institution: | **Council of the European Union** |
| Session: | |
| Configuration: | |
| Item: | (Document: **8855/20**) |
| Voting Rule: | **qualified majority** |
| Subject: | Council's position on draft amending budget No 5 to the general budget for 2020: Continuation of the support to refugees and host communities in response to the Syria crisis in Jordan, Lebanon and Turkey |

| Vote | Members | | Population (%) |
|---|---|---|---|
| Yes | 26 | | 99,8% |
| No | 1 | | 0,2% |
| Abstain | 0 | | 0% |
| Not participating | 0 | | |
| Total | 27 | | |

Sitting date: **24/06/2020**

Final result

| Member State | Weighting | Vote | Member State | Weighting | Vote |
|---|---|---|---|---|---|
| BELGIQUE/BELGIË | 2,56 | Yes | LIETUVA | 0,62 | Yes |
| БЪЛГАРИЯ | 1,56 | Yes | LUXEMBOURG | 0,14 | Yes |
| CESKÁ REPUBLIKA | 2,35 | Yes | MAGYARORSZÁG | 2,18 | Yes |
| DANMARK | 1,30 | Yes | MALTA | 0,11 | Yes |
| DEUTSCHLAND | 18,54 | Yes | NEDERLAND | 3,89 | Yes |
| EESTI | 0,30 | Yes | ÖSTERREICH | 1,98 | Yes |
| ÉIRE/IRELAND | 1,10 | Yes | POLSKA | 8,49 | Yes |
| ΕΛΛΑΔΑ | 2,40 | Yes | PORTUGAL | 2,30 | Yes |
| ESPAÑA | 10,49 | Yes | ROMÂNIA | 4,34 | Yes |
| FRANCE | 14,98 | Yes | SLOVENIJA | 0,47 | Yes |
| HRVATSKA | 0,91 | Yes | SLOVENSKO | 1,22 | Yes |
| ITALIA | 13,65 | Yes | SUOMI/FINLAND | 1,23 | Yes |
| ΚΥΠΡΟΣ | 0,20 | No | SVERIGE | 2,29 | Yes |
| LATVIJA | 0,43 | Yes | | | |

** When acting on a proposal from the Commission or the High Representative, qualified majority is reached if at least 55 % of members vote in favour (15 MS) accounting for at least 65% of the population*

*For information: http://www.consilium.europa.eu/public-vote*

RÁITIS

**Ráiteas ón gCipir maidir le DAB Uimh 5/2020 ón gCoimisiún: Leanúint de thacaíocht a thabhairt do dhídeanaithe agus do phobail óstacha san Iordáin, sa Liobáin agus sa Tuirc mar fhreagairt ar ghéarchéim na Siria**

"Is mian le Poblacht na Cipire a chur in iúl nach n-aontaíonn sí leis an nós imeachta a leanadh agus lena bhfuil sa togra maidir leis an dréachtbhuiséd leasaitheach seo.

Cé gur thacaigh an Chipir go hiomlán le cúnamh do dhídeanaithe ón tSiria agus go leanann sí de thacaíocht a thabhairt dóibh, i bhfianaise, *inter alia*, a seasamh mar an Ballstát geografach is gaire don tSiria, agus toisc go bhfuil líon an-mhór iarrthóirí tearmainn ón tSiria á óstáil aici go comhréireach, is oth linn an dóighar ullmhaíodh an togra, ar tíolacadh é agus ar cuireadh ar aghaidh chuig Coreper é.

Maidir leis an nós imeachta go háirithe, tá an-díomá orainn nár tharla plé polaitiúil sa Chomhairle sular chuir an Coimisiún an togra i láthair. Is oth linn freisin gur dréachtaíodh an togra gan aird chuí a thabhairt ar an gcomhthéacs níos leithne geopholaitiúil, lena n-áirítear úsáid a bhaint as dídeanaithe mar uirlis chogaidh, mar a rinne an Tuirc le déanaí, gur mórghníomh í an tír sin d'imircigh neamhdhleathacha chuig Ballstáit an Aontais, ról diúltach na tíre sa tSiria agus sa Libia, agus dearcadh foriomlán na Tuirce i leith an Aontais agus a Bhallstát. Ar an drochuair, níor ghlac an Tuirc na bearta ba ghá chun cosc a chur ar bhealaí nua farraige nó talún ón Tuirc chuig an Aontas maidir leis an imirce neamhdhleathach, agus níor chomhoibrigh sí leis an gCipir agus le Ballstáit eile chuige sin. Ina theannta sin, cé go raibh an togra le plé ag Coreper an 24 Meitheamh, rinneadh an próiseas a bhrostú, gan údar cuí leis sin, agus neamhaird iomlán á tabhairt ar thuairimí roinnt toscaireachtaí a d'iarr níos mó ama chun scrúdú a dhéanamh ar an doiciméadacht.

Maidir le substaint an togra, táimid den tuairim gur cheart cur chuige níos cothroime a ghlacadh ós rud é go bhforáiltear leis tacaíocht i bhfad níos mó do dhídeanaithe sa Tuirc, chun dochair don Iordáin agus don Liobáin, cé go bhfuil ualach chomh tábhachtach céanna ar na tíortha sin maidir leis an líon is mó dídeanaithe ar domhan a óstáil i gcoibhneas lena ndaonraí.

I bhfianaise an mhéid sin, cuireann an Chipir i bhfios nach n-aontaíonn sí leis an Seasamh ón gComhairle maidir le DAB Uimh. 5/2020 (Leanúint de thacaíocht a thabhairt do dhídeanaithe agus do phobail óstacha san Iordáin, sa Liobáin agus sa Tuirc mar fhreagairt ar ghéarchéim na Siria) agus leis an gCinneadh an nós imeachta i scríbhinn a úsáid chun an méid sin a ghlacadh. Cuireann an Chipir i bhfios freisin nach n-aontaíonn sí leis an gCinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCorrlach Teagmhais a shlógadh in 2020 chun leanúint den tacaíocht dhaonnúil do dhídeanaithe sa Tuirc agus leis an gCinneadh an nós imeachta i scríbhinn a úsáid chun an méid sin a ghlacadh."

**Ráiteas ón Iodáil**

"Tá an Iodáil i bhfabhar an chomhair le tríú Stáit chun sreabha imirce i dtreo an Aontais Eorpaigh a bhainistiú.

Mar gheall air sin, creidimid gur cheart beartais chuig Stáit chomharsanacha a mheas mar thosaíocht, agus gur cheart iad a chistiú go leordhóthanach chun na sreabha imirce ar an mbealach oirthearach a shrianadh.

Tá sé tábhachtach, áfach, aon tacaíocht airgeadais Eorpach nua a chur ar fáil do thríú tíortha trí chur chuige níos iomlánaíche a ghlacadh ina gcuirfear san áireamh na riachtanais go léir a thiocfaidh chun cinn feadh na mbealaí éagsúla imirce uile."